



Uimhir 8 de 2012

**AN tACHT UM THIÚCHÁIN FACHTÓRA TÉACHTA AGUS
TÁIRGÍ BITHEOLAÍOCHTA EILE, 2012**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Bord Ospidéal San Séam d'fháil agus do chur ar fáil tiúcháin fachtóra téachta agus táirgí bitheolaíochta eile.
 2. Conarthaí áirithe a choimeád ar marthain agus tagairtí do Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann a oiriúnú.
 3. Cúlghairm.
 4. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
-



Uimhir 8 de 2012

**AN tACHT UM THIÚCHÁIN FACHTÓRA TÉACHTA AGUS
TÁIRGÍ BITHEOLAÍOCHTA EILE, 2012**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE TIÚCHÁIN
FACHTÓRA TÉACHTA AGUS TÁIRGÍ ÍOCSHLÁINTE
BITHEOLAÍOCHTA EILE A FHÁIL AGUS A CHUR
AR FÁIL, LENA nÁIRÍTEAR ULLMHÓIDÍ
ATHCHUINGREACHA PRÓITÉINE, CHUN TÉACHTADH
AGUS NEAMHOIRD EILE A CHOIREÁIL AGUS DO
DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[27 Márta 2012]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—(1) Déanfaidh Bord Ospidéal San Séam tiúcháin fachtóra téachta agus táirgí íocshláinte bitheolaíochta eile a fháil agus a chur ar fáil, lena n-áirítear ullmhóidí athchuingreacha próitéine, chun neamhoird téachta agus neamhoird ó bhroinn nó neamhoird fhaighte eile, arb é is príomhthréith iontu leibhéil laghdaithe nó foirmeacha mífheidhmiúla de phlasmaphróitéiní, a chóireáil.

Bord Ospidéal San Séam d'fháil agus do chur ar fáil tiúcháin fachtóra téachta agus táirgí bitheolaíochta eile.

(2) Ní dhéanann aon ní san alt seo difear d'fheidhmeanna Bhord Ospidéal San Séam faoi Airteagal 4(3) den Ordú um Bord Ospidéal San Séam (Bunú), 1971 (I.R. Uimh. 187 de 1971).

2.—Gach conradh, a bhaineann leis na táirgí dá dtagraítear in *alt I*, a bheidh déanta idir Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann nó aon iontaobhaí nó gníomhaire de chuid na Seirbhíse a bheidh ag gníomhú thar a ceann, agus aon duine eile, agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm agus forléireofar é agus beidh éifeacht leis amhail is dá gcuirfí Bord Ospidéal San Séam ann in ionad Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann nó, de réir mar a bheidh, in ionad a hiontaobhaí nó a gníomhaire a bheidh ag gníomhú thar a ceann, agus beidh an conradh infhorfheidhmithe ag Bord Ospidéal San Séam nó ina choinne.

Conarthaí áirithe a choimeád ar marthain agus tagairtí do Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann a oiriúnú.

3.—Cúlghairtear mír (*l*) (a cuireadh isteach le hAirteagal 2 den Ordú fán Ordú um an mBord Seirbhíse Fuilaistriúcháin (Bunú), 1965 (Leasú), 2003 (I.R. Uimh. 268 de 2003)) d'Airteagal 4 den Ordú um an mBord Seirbhíse Fuilaistriúcháin (Bunú), 1965 (I.R. Uimh. 78 de 1965).

Cúlghairm.

[Uimh. 8.] *An tAcht um Thiúcháin Fachtóra* [2012.]
Téachta agus Táirgí Bitheolaíochta Eile,
2012.

Gearrtheideal agus
tosach feidhme.

4.—(1) Féadfar an tAcht um Thiúcháin Fachtóra Téachta agus
Táirgí Bitheolaíochta Eile, 2012 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an
tAire Sláinte le hordú.